

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 68



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

3 Márta 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/357 ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Chuntasaíochta Idirnáisiúnta 1 agus 8 ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358 ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 lena dtionscnaítear athbhreithniú “onnmhaireora nua” i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithniú é le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe 9

CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2022 maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc — EGF/2021/005 FR/Airbus 15
- ★ Cinneadh (AE) 2022/360 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún 17
- ★ Cinneadh (AE) 2022/361 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar ochtar comhaltaí agus naonúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Fraince, de Choiste na Réigiún 19

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartáítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021) 21

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/357 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Caighdeán Chuntasaíochta Idirnáisiúnta 1 agus 8

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm caighdeán idirnáisiúnta chuntasaíochta ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ⁽²⁾ glacadh caighdeán agus léirmhíniúcháin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe a bhí ann cheana an 15 Deireadh Fómhair 2008.
- (2) An 12 Feabhra 2021, d'fhoilsigh an Bord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS) 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* agus IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta*. Leis na leasuithe sin, déantar na difríochtaí idir beartais chuntasaíochta agus meastacháin chuntasaíochta a shoiléiriú chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcaighdeán cuntasaíochta agus inchomparáideacht na ráiteas airgeadais a áirithiú.
- (3) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, cinneann an Coimisiún go gcomhlíonann na leasuithe ar IAS 1 agus IAS 8 na critéir maidir leis an nglacadh a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a leasú dá réir sin.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 mar a leanas:

- (a) Leasaítear Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IAS) 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (b) Leasaítear IAS 8 *Beartais Chuntasaíochta, Athruithe i Meastacháin Chuntasaíochta agus in Earráidí Cuntasaíochta* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeán áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaíthe a céad bhliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023, nó dá éis, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasuithe ar IAS 1

Cur i láthair Ráiteas Airgeadais

Leasaítear míreanna 7, 10, 114, 117 agus 122. Cuirtear míreanna 117A–117E agus 139V leis. Scriostar míreanna 118, 119 agus 121.

SAINMHÍNITHE

- 7 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa Chaighdeán seo in éineacht leis na bríonna shonraítear:
- Sainmhínítear beartais chuntasaíochta i mír 5 de IAS 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin agus Earráidí Cuntasaíochta, agus úsáidtear an téarma sa Chaighdeán seo leis an mbrí chéanna.**

...

RÁITIS AIRGEADAIS

...

Tacar iomlán de ráitis airgeadais

- 10 Cuimsítear an méid seo a leanas i dtacar iomlán de ráitis airgeadais:

...

(e) nótaí, ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta agus faisnéis eile mhíniúcháin;

...

STRUCHTÚR AGUS ÁBHAR

...

Nótaí

Struchtúr

...

- 114 Áirítear an méid seo a leanas ar shamplaí d'ordú nó grúpáil chórasach na nótaí:

...

(c) ord na míreanna líne sa ráiteas/sna ráitis maidir le brabús nó cailteanas agus ioncam cuimsitheach eile agus sa ráiteas maidir le staid airgeadais a leanúint, amhail an méid seo a leanas:

...

(ii) faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta (féach mír 117);

...

Faisnéis a nochtadh maidir le beartas cuntasaíochta

- 117 Déanfaidh eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta (féach mír 7) a nochtadh. Tá faisnéis maidir le beartas cuntasaíochta ábhartha más féidir coinne a bheith leis go réasúnta, nuair a bhreithnítear an fhaisnéis in éineacht le faisnéis eile atá san áireamh i ráitis airgeadais eintitis, go bhféadfaidh sí tionchar a imirt ar chinntí a dhéanann príomhúsáideoirí ráiteas airgeadais ilchuspóireach ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

- 117A Is faisnéis neamhábhartha faisnéis maidir le beartas cuntasáíochta a bhaineann le hidirbhearta neamhábhartha nó le himeachtaí nó coinníollacha eile agus ní gá an fhaisnéis sin a nochtadh. D'fhéadfadh faisnéis maidir le beartas cuntasáíochta a bheith ábhartha mar sin féin i ngeall ar chineál na n-idirbheart gaolmhar nó ar imeachtaí nó coinníollacha eile, fiú más méideanna neamhábhartha iad na méideanna. Ní faisnéis ábhartha í an fhaisnéis uile maidir le beartas cuntasáíochta a bhaineann le hidirbhearta ábhartha le himeachtaí nó coinníollacha eile, áfach.
- 117B Meastar gur faisnéis ábhartha atá san fhaisnéis maidir le beartas cuntasáíochta más rud é go mbeadh gá ag úsáideoirí ráiteas airgeadais de chuid eintitis léi chun faisnéis ábhartha eile sna ráitis airgeadais a thuiscint. Mar shampla, is dócha go mbreithneoidh eintiteas go bhfuil faisnéis maidir le beartas cuntasáíochta ábhartha dá ráitis airgeadais má bhaineann an fhaisnéis sin le hidirbhearta ábhartha nó le himeachtaí nó coinníollacha eile agus sna cásanna seo a leanas:
- (a) gur athraigh an t-eintiteas a bheartas cuntasáíochta le linn na tréimhse tuairiscithe agus gur tháinig athrú ábhartha ar an bhfaisnéis sna ráitis airgeadais mar thoradh ar an athrú sin;
 - (b) gur roghnaigh an t-eintiteas an beartas cuntasáíochta ó rogha amháin nó níos mó a cheadaítear le IFRSanna—d'fhéadfadh cás den sórt sin teacht chun cinn dá roghnódh an t-eintiteas réadmhaoin infheistíochta a thomhas ar chostas stairiúil seachas ar luach cóir;
 - (c) gur forbraíodh an beartas cuntasáíochta i gcomhréir le IAS 8 in éagmais IFRS a bhfuil feidhm shonrach aige;
 - (d) go mbaineann an beartas cuntasáíochta le réimse a bhfuil gá le heintiteas ina leith chun breithiúnais nó toimhdí suntasacha a dhéanamh maidir le beartas cuntasáíochta a chur i bhfeidhm, agus go nochtann an t-eintiteas na breithiúnais nó na toimhdí sin i gcomhréir le míreanna 122 agus 125; nó
 - (e) go bhfuil an chuntasáíocht a bhfuil gá léi ina leith casta agus nach dtuigfeadh úsáideoirí ráitis airgeadais an eintitis na hidirbhearta ábhartha sin ná na himeachtaí ná na coinníollacha eile sin—d'fhéadfadh cás den sórt sin teacht chun cinn dá gcuirfeadh eintiteas níos mó ná IFRS amháin i bhfeidhm maidir le haicme idirbheart ábhartha.
- 117C Le faisnéis maidir le beartas cuntasáíochta lena ndírítear ar an gcaoi ar chuir eintiteas ceanglais IFRSanna i bhfeidhm ar a chúinsí féin, soláthraítear faisnéis eintiteas-shonrach atá níos úsáidí d'úsáideoirí ráiteas airgeadais ná faisnéis chaighdeánaithe, nó faisnéis nach ndéanann ach ceanglais IFRSanna a dhúbailt nó a achoimriú.
- 117D Má nochtann eintiteas faisnéis neamhábhartha maidir le beartas cuntasáíochta, ní dhéanfar faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasáíochta a theimhliú leis an bhfaisnéis sin.
- 117E Le conclúid ó eintiteas gur faisnéis neamhábhartha atá i bhfaisnéis maidir le beartas cuntasáíochta ní dhéanfar difear do na ceanglais ghaolmhara maidir le nochtadh a leagtar amach in IFRSanna eile.
- 118 [Scriosta]
- 119 [Scriosta]
- 120 [Scriosta]
- 121 [Scriosta]
- 122 Nochtfaidh eintiteas, in éineacht le faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasáíochta nó nótaí eile, na breithiúnais, seachas iad sin a mbaineann meastacháin leo (féach mír 125), atá déanta ag an lucht bainistíochta agus beartais chuntasáíochta an eintitis á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.**

...

DÁTA TRASDULA AGUS DÁTA ÉIFEACHTACH

...

- 139V Le *Nochtadh Beartas Cuntasáíochta*, a eisíodh i mí Feabhra 2021, leasaíodh míreanna 7, 10, 114, 117 agus 122, cuireadh míreanna 117A-117E isteach agus scriosadh míreanna 118, 119 agus 121. Leasaíodh Ráiteas Cleachtais 2 de chuid IFRS *Breithiúnais Ábharthachta a Thabhairt* freisin. Cuirfidh eintiteas na leasuithe ar IAS 1 i bhfeidhm le haghaidh na dtréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Cheadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

Leasuithe ar chaighdeáin agus ar fhoilseacháin eile IFRS**Leasuithe ar IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí**

Leasaítear míreanna 21 agus B5. Cuirtear mír 44II isteach.

SUNTASACHT IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS MAIDIR LE STAID AGUS FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

...

Nochtaí eile*Beartais chuntasaíochta*

- 21 I gcomhréir le mír 117 de IAS 1 *Cur i láthair Ráiteas Airgeadais* (arna athbhreithniú in 2007), nochtann eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta. An fhaisnéis maidir leis an mbonn (nó na boinn) tomhais le haghaidh ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú, meastar gur faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a bheidh inti.

...

DÁTA ÉIFEACHTACH AGUS AISTRIÚ

...

- 44II Le *Nochtadh Beartas Cuntasaíochta*, lena leasaítear IAS 1 agus Ráiteas Cleachtais 2 de chuid IFRS *Breithiúnais Ábharthachta a Thabhairt*, agus a eisíodh i mí Feabhra 2021, leasaíodh míreanna 21 agus B5. Cuirfidh an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

...

—

Foscríbhinn B

Treoir maidir le cur i bhfeidhm

...

AICMÍ IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS AGUS LEIBHÉAL NOCHTA (MÍR 6)

...

Nochtadh eile—beartais chuntasaíochta (mír 21)

B5 Le mír 21, ceanglaítear faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh, a meastar go mbeidh faisnéis inti maidir leis an mbonn (nó na boinn) tomhais le haghaidh ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Maidir le hionstraimí airgeadais, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh i nochtadh den sórt sin:

...

Le mír 122 de IAS 1 (arna athbhreithniú in 2007) ceanglaítear ar eintitis na breithiúnais a nochtadh freisin, in éineacht le faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta nó nótaí eile, seachas na breithiúnais sin a mbaineann meastacháin leo, agus atá déanta ag an lucht bainistíochta agus beartais chuntasaíochta an eintitis á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Leasuithe ar IAS 26 Cuntasaíocht agus Tuairisciú na bPleananna Sochair Scoir

Leasaítear mír 34 agus cuirtear mír 38 leis.

NA PLEANANNA UILE

Nochtadh

34 Beidh an fhaisnéis seo a leanas i ráitis airgeadais de chuid plean maidir le sochar scoir freisin, cibé acu plean sochair shainithe nó plean ranníocaíochtaí sainithe atá ann:

...

(b) faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta; agus

...

AN DÁTA ÉIFEACHTACH

...

38. Le *Nochtadh Beartas Cuntasaíochta*, lena leasaítear IAS 1 *Cur i láthair Ráiteas Airgeadais* agus Ráiteas Cleachtais 2 de chuid IFRS *Breithiúnais Ábharthachta a Thabhairt*, agus a eisíodh i mí Feabhra 2021, leasaíodh mír 34. Cuirfidh an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

Leasuithe ar IAS 34 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach

Leasaítear mír 5 agus cuirtear mír 60 leis.

INNEACHAR TUARASCÁLA AIRGEADAIS EATRAMHAÍ

5 Le IAS 1 sainítear tacar iomlán de ráitis airgeadais mar thacar a bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas san áireamh ann:

...

(e) nótaí, ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta agus faisnéis eile mhíniúcháin;

...

AN DÁTA ÉIFEACHTACH

...

60. Le *Nochtadh Beartas Cuntasaíochta*, lena leasaítear IAS 1 agus Ráiteas Cleachtais 2 de chuid IFRS *Breithiúnais Ábharthachta a Thabhairt*, agus a eisíodh i mí Feabhra 2021, leasaíodh mír 5. Cuirfidh an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí bliantúla tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas an leasú sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

Leasuithe ar IAS 8***Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin agus Earráidí Cuntasaíochta***

Leasaítear míreanna 5, 32, 34, 38 agus 48 agus an ceannteideal os cionn mhír 32. Cuirtear míreanna 32A–32B, 34A agus 54I agus na ceannteidil os cionn mhíreanna 34 agus 36 leis. Leasaítear an ceannteideal os cionn mhír 39 le bheith ina fhocheannteideal faoin gceannteideal a chuirtear isteach os cionn mhír 34.

SAINMHÍNITHE

5 Úsáidtear na téarmaí seo a leanas sa Chaighdeán seo in éineacht leis na bríonna shonraítear:

...

Is é atá i meastacháin chuntasaíochta méideanna airgeadaíochta i ráitis airgeadais atá faoi réir neamhchinnteacht tomhais.

...

MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA

- 32 D'fhéadfaí a cheangal le beartas cuntasaíochta míreanna i ráitis airgeadais a thomhas ar bhealach lena mbaineann neamhchinnteacht tomhais—is é sin, d'fhéadfaí a cheangal leis an mbeartas cuntasaíochta míreanna den sórt sin a thomhas ag méideanna airgeadaíochta nach féidir a bhreathnú go díreach agus nach mór meastachán a dhéanamh ina leith ina ionad sin. I gcás den sórt sin, forbraíonn eintiteas meastachán cuntasaíochta chun an cuspóir a leagadh amach leis an mbeartas cuntasaíochta a bhaint amach. Úsáidtear breithiúnais nó toimhdí atá bunaithe ar an bhfaisnéis iontaofa is déanaí atá ar fáil chun meastacháin chuntasaíochta a fhorbairt. Is samplaí de mheastacháin chuntasaíochta iad na nithe seo a leanas:
- (a) lamháltas cailteanais le haghaidh cailteanais chreidmheasa ionchasacha, trína gcuirtear i bhfeidhm IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*;
 - (b) glanluach inréadaithe míre fardail, trína gcuirtear i bhfeidhm IAS 2 *Fardail*;
 - (c) luach cóir sócmhainne nó dliteanais, trína gcuirtear i bhfeidhm IFRS 13 *Tomhas ar Luach Cóir*;
 - (d) an costas dímhéasa le haghaidh mír réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, trína gcuirtear i bhfeidhm IAS 16; agus
 - (e) foráil maidir le hoibleagáidí baránta, trína gcuirtear i bhfeidhm IAS 37 *Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*.
- 32A Úsáideann eintiteas teicnící tomhais agus ionchuir chun meastachán cuntasaíochta a fhorbairt. Áirítear ar theicnící tomhais teicnící meastacháin (mar shampla, teicnící a úsáidtear chun lamháltas cailteanais le haghaidh cailteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas trína gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm) agus teicnící luachála (mar shampla, teicnící a úsáidtear chun luach cóir sócmhainne nó dliteanais a thomhas trína gcuirtear IFRS 13 i bhfeidhm).
- 32B Uaireanta, tagraíonn an téarma 'meastachán' in IFRSanna do mheastachán nach bhfuil ina mheastachán cuntasaíochta mar a shainmhínítear sa Chaighdeán seo. Mar shampla, tagraíonn sé uaireanta d'ionchur a úsáidtear chun meastacháin chuntasaíochta a fhorbairt.

...

Athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta

- 34 D'fhéadfadh sé go mbeadh ar eintiteas meastachán cuntasaíochta a athrú má thagann athruithe ar na cúinsí a raibh an meastachán cuntasaíochta bunaithe orthu nó mar thoradh ar fhaisnéis nua, forbairtí nua nó níos mó taithí. De bharr a chineáil, níl baint ag athrú ar mheastachán cuntasaíochta le tréimhsí roimhe ná ní ceartú earráide atá ann.
- 34A Mura n-eascaíonn siad as ceartú earráidí réamhthréimhse, athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta atá sna héifeachtaí ar mheastachán cuntasaíochta a bhíonn ag athrú ionchuir nó athrú teicníce tomhais.

...

Athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta a chur i bhfeidhm

...

- 38 Ciallaíonn aitheantas ionchasach ar an éifeacht a bhíonn ag athrú ar mheastachán cuntasaíochta go gcuirtear an t-athrú i bhfeidhm ar idirbhearta agus ar imeachtaí agus coinníollacha eile ó dháta an athraithe sin. D'fhéadfadh athrú ar mheastachán cuntasaíochta difear a dhéanamh do bhrabús nó cailteanas na tréimhse reatha amháin, nó do bhrabús nó cailteanas na tréimhse reatha agus na dtréimhsí amach anseo araon. Mar shampla, ní dhéanann athrú ar lamháltas cailteanais le haghaidh cailteanais chreidmheasa ionchasacha difear ach do bhrabús nó cailteanas na tréimhse reatha agus dá bhrí sin ní aithnítear é sa tréimhse reatha. Mar sin féin, athrú ar shaolré ionchais úsáide, nó ar phatrún ionchasach tomhaltais na leasanna eacnamaíocha a bheidh ann amach anseo atá cuimsithe i sócmhainn in-dímheasa, déanann sé difear don chostas dímheasa le haghaidh na tréimhse reatha agus le haghaidh gach tréimhse a bheidh ann amach anseo le linn shaolré úsáide na sócmhainne atá fágtha. Sa dá chás, aithnítear mar ioncam nó mar chostas le linn na tréimhse reatha an difear a dhéanann an t-athrú a bhaineann leis an tréimhse reatha. Aithnítear an difear a dhéanfar do thréimhsí a bheidh ann amach anseo, má dhéanfar aon difear dóibh, mar ioncam nó costas sna tréimhsí sin a bheidh ann amach anseo.

Nochtadh

...

EARRÁIDÍ

...

48. Déantar ceartú earráidí a idirdhealú ó athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta. Neastacháin atá i meastacháin chuntasaíochta, de bharr a gcineáil, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá iad a athrú de réir mar a bhíonn faisnéis bhreise ar eolas. Mar shampla, an gnóthachan nó an cailteanas a aithnítear ar thoradh teagmhais, ní ceartú earráide é sin.

...

DÁTA ÉIFEACHTACH AGUS AISTRÍÚ

...

- 54I Le *Sainmhíniú Meastachán Cuntasaíochta*, a eisíodh i mí Feabhra 2021, leasaíodh míreanna 5, 32, 34, 38 agus 48 agus cuireadh isteach míreanna 32A, 32B agus 34A. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Cuirfidh eintiteas na leasuithe i bhfeidhm ar athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta agus ar athruithe ar bheartais chuntasaíochta a dhéanfar ag tús na chéad tréimhse tuairiscithe bliantúla ina gcuirfidh sé na leasuithe i bhfeidhm nó ina dhiaidh sin.

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/358 ÓN gCOIMISIÚN
an 2 Márta 2022

lena dtionscnaítear athbhreithniú “onnmhaireora nua” i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithniú é le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (“an bun-Rialachán”), agus go háirithe Airteagal 11(4) agus Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. IARRAIDH

- (1) Fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú “onnmhaireora nua” faoi Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán.
- (2) Chuir Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd. (“an t-iarratasóir”), ar táirgeoir onnmhairiúcháin rothar i nDaon-Phoblacht na Síne é, an iarraidh isteach an 10 Meán Fómhair 2019 agus nuashonraigh sé é an 26 Samhain 2021.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ

- (3) Is éard atá sa táirge faoi athbhreithniú rothair dhá roth agus rothair eile (lena n-áirítear trírothaigh seachadta earraí, ach gan aonrothaigh a áireamh) nach bhfuil innealta, ar rothair iad a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8712 00 30 agus ex 8712 00 70 (cóid TARIC 8712 00 70 91, 8712 00 70 92 agus 8712 00 70 99) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

3. BEARTA ATÁ ANN CHEANA

- (4) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ⁽²⁾ (“an t-imscrúdú bunaidh”), d’fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach 30,6 % ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Rinneadh roinnt imscrúduithe ó shin, lena leasaíodh na bearta tosaigh.
- (5) Le Rialachán (AE) Uimh. 502/2013 ⁽³⁾, tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ⁽⁴⁾, leasaigh an Chomhairle na bearta. San imscrúdú sin, níor cuireadh sampláil i bhfeidhm i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne agus coinníodh an dleacht frithdhumpála uile-tíre 48,5 % ar bun, dleacht atá bunaithe ar an gcorrlach dumpála a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1095/2005 ón gComhairle ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothar isteach sa Chomhphobal ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach frithdhumpála (IO L 228, 9.9.1993, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 502/2013 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2013 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 153, 5.6.2013, lch. 17).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1095/2005 ón gComhairle an 12 Iúil 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Vítneam, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1524/2000 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 183, 14.7.2005, lch. 1).

- (6) Na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, is bearta frithdhumpála iad a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, faoina ndéantar allmhairí den táirge faoi athbhreithniú a tháirgeann an t-iarratasóir a chur faoi réir dleacht frithdhumpála chinntitheach 48,5 %.

4. AN FORAS LEIS NA HATHBHREITHNITHE

- (7) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach nár onnmhairigh sé an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe ar ar bunaíodh na bearta frithdhumpála (an 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011).
- (8) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach nach bhfuil sé gaolmhar le haon táirgeoir onnmhairiúcháin a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú agus ar táirgeoirí iad atá faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm.
- (9) Ar deireadh, sholáthair an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach gur thosaigh sé ag onnmhairiú an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse an imscrúdaithe ar ar bunaíodh na bearta frithdhumpála.

5. NÓS IMEACHTA

5.1. Tionscnamh

- (10) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise a bhí ar fáil agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor an fhianaise a bhí ann chun údar cuí a thabhairt le hathbhreithniú “onnmhairéora nua” de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, d’fhonn corrlach dumpála aonair a chinneadh le haghaidh an iarratasóra. Má dhéantar amach gur ann do dhumpáil, cinntfidh an Coimisiún leibhéal na dleachta ar faoina réir ba cheart allmhairí an táirge faoi athbhreithniú a chur, ar táirge é a tháirgeann an t-iarratasóir.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 11(3) agus (4) den bhun-Rialachán, cinntear an gnáthluach le haghaidh an iarratasóra ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos in Airteagail 2(1) go (6a) den bhun-Rialachán toisc gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga is deireanaí ar na bearta tar éis an 20 Nollaig 2017.
- (12) Táirgeoirí de chuid an Aontais arb eol iad a bheith bainteach, cuireadh ar an eolas iad faoin iarraidh ar athbhreithniú an 25 Samhain 2021 agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a chur isteach go dtí an 9 Nollaig 2021.
- (13) Cuireann an Coimisiún ar a súile do na páirtithe freisin gur foilsíodh Fógra ⁽⁷⁾ i bhfianaise ráig COVID-19 faoi iarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a d’fhéadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an nós imeachta seo.

5.2. Aisghairm na mbearta atá i bhfeidhm faoi láthair agus clárú na n-allmhairí

- (14) De bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, ba cheart an dleacht frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair a aisghairm a mhéid a bhaineann le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar táirge é tháirgeann an t-iarratasóir. An tráth céanna, ba cheart na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán chun a áirithiú go bhféadfar dleachtanna frithdhumpála a ghearradh ó dháta clárúcháin na n-allmhairí sin más rud é go ndéantar amach san athbhreithniú gur ann do dhumpáil i ndáil le gach iarratasóir. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir, ag an bpointe seo, meastachán iontaofa a thabhairt maidir le méid an dliteanais a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo, gan dochar d’Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán.

5.3. Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

- (15) Cumhdóidh an t-imscrúdú an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 (“tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin”).

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí rothar a chuirtear chun bealaigh ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Shrí Lanca, ón Túinéis, ón gCambóid, ón bPacastáin agus ó na hOileáin Philipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 225, 29.8.2019, lch. 1).

⁽⁷⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XC0316%2802%29>

5.4. **Imscrúdú a dhéanamh ar an iarratasóir**

- (16) An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir ar fáil don iarratasóir sa chomhad is féidir leis na páirtithe leasmhara a cheadú, agus cuireadh an ceistneoir ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúthóireacht na Trádála freisin https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2441. Ní mór don iarratasóir an ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo.

5.5. **Aighneachtaí eile i scríbhinn**

- (17) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo.

5.6. **An deis éisteach a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin**

- (18) Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteach le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear in Airteagal 4(3) den Rialachán seo. Aon iarraidh ar éisteach, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tar éis sin, ní mór iarraidh ar éisteach a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna sonracha a leagann an Coimisiún síos ina theachtaireachtaí chuig na páirtithe.

5.7. **Treoracha maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus maidir le ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh**

- (19) Maidir le faisnéis a chuirfeadh faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do na páirtithe, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchirt tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear a) don Choimisiún an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gceart chun cosanta a fheidhmiú.
- (20) Cuirfeadh an lipéad “Íogair” (*) ar gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ar cheistneoirí comhlánaithe agus ar chomhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi.
- (21) Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “Íogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí ar a gcuirfeadh an lipéad “Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara”. Ba cheart do na hachóimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta.
- (22) Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.
- (23) Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (<https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI>) lena n-áirítear cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de dheimhniúcháin.
- (24) Chun rochtain a fháil ar TRON.tdi, tá cuntas EU Login ag teastáil ó pháirtithe leasmhara. Tá treoracha iomlána maidir le conas clárú agus conas TRON.tdi a úsáid ar fáil ar <https://webgate.ec.europa.eu/tron/resources/documents/gettingStarted.pdf>.

(*) Is doiciméad “Íogair” doiciméad a mheastar a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

- (25) Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó as ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad “COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA”, doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf.
- (26) Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, seachas sa chás go n-iarrfaidh siad na doiciméid uile ar an gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear na prionsabail a bhaineann le haighneachtaí a dhéanamh trí TRON.tdi agus trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúthóireacht na Trádála
Stiúthóireacht G
Oifig: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
TRON.tdi: <https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi>
R-phost: TRADE-R714-BICYCLES@ec.europa.eu

6. NEAMH-CHOMHOIBRÍÚ

- (27) Má dhiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (28) I gcás inar léir gur sholáthair pháirtí leasmhar faisnéis a bhí bréagach nó míthreorach, tabharfar neamhaird ar an bhfaisnéis agus úsáidfear na fíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (29) Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibríú déanta aige.

7. OIFIGEACH ÉISTEACHTA

- (30) Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh i gcomhair imeachtaí trádála. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.
- (31) Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí leasmhar/na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.
- (32) Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina gcuirfear iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na tréimhsí ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí déanacha den sórt sin, ar chineál na saincheisteanna a ardáíodh agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus don imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.

- (33) Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/>.

8. SCEIDEAL AN IMSCRÚDAITHE

- (34) Tabharfar an t-imscrúdú chun críche, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán, laistigh de 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhme an Rialacháin seo.

9. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

- (35) Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ a chaithear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo.
- (36) Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/>

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, tionscnaítear athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 faoi Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 chun a chinneadh ar cheart dleacht frithdhumpála aonair a fhorchur ar allmhairí rothar dhá roth agus allmhairí rothar eile (lena n-áirítear trírothaigh seachadta earraí, ach gan aonrothaigh a áireamh) nach bhfuil innealta, ar rothair iad a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8712 00 30 agus ex 8712 00 70 (cód TARIC 8712 00 70 91, 8712 00 70 92 agus 8712 00 70 99), ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (“an táirge faoi athbhreithniú”), agus ar táirgí iad a tháirgeann Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd., lena n-onnmhairiú chuig an Aontas (cód TARIC breise C530).

Airteagal 2

An dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379, is leis seo a aisghairtear í a mhéid a bhaineann leis na hallmhairí a shainaitheann in Airteagal 1 den Rialachán seo.

Airteagal 3

Glacfaidh na húdaráis chustaim náisiúnta na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a shainaitheann in Airteagal 1 den Rialachán seo a chlárú, de bhun Airteagal 11(4) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036.

Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 4

1. Ní mór do pháirtithe leasmhara scéala a thabhairt don Choimisiún le hiad féin a chur in iúl laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Chun a n-uirill a chur san áireamh le linn an imscrúdaithe, ní mór do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus na freagraí ar an gceistneoir, iarrataí ar dhíolúintí, nó aon fhaisnéis eile a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.
3. Féadfaidh na páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh freisin ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin laistigh den teorainn ama chéanna de 37 lá. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2022/359 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Feabhra 2022

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc — EGF/2021/005 FR/Airbus

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ⁽²⁾, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, sin agus cúnaimh a thabhairt dóibh fillleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.
- (2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ⁽³⁾.
- (3) An 26 Iúil 2021, thíolaic an Fhrainc iarratas chun CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe in Airbus (Airbus SE) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíoch sa Chomhphobal Eorpach (NACE) ⁽⁴⁾ Athbhreithniú 2 rannán 30 ("Monarú trealaimh iompair eile") sa Fhrainc. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhlíontar san iarratas sin na coinníollacha le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 3 745 264 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Fhrainc isteach.
- (5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

⁽¹⁾ IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

⁽²⁾ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

⁽³⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíoch NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2022, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 3 745 264 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ina leithreasuithe íocaíochtaí.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 16 Feabhra 2022.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 16 Feabhra 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

CINNEADH (AE) 2022/360 ÓN gCOMHAIRLE
an 24 Feabhra 2022

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ⁽²⁾, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú ar dá bhun a moladh Francisco IGEA ARISQUETA a cheapadh.
- (4) Mhol Rialtas na Spáinne Alfonso FERNÁNDEZ MAÑUECO, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente de la Junta de Castilla y León* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach na Caistíle agus León), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Alfonso FERNÁNDEZ MAÑUECO, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente de la Junta de Castilla y León* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach na Caistíle agus León), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

CINNEADH (AE) 2022/361 ÓN gCOMHAIRLE**an 24 Feabhra 2022****lena gceaptar ochtar comhaltaí agus naonúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Fraince, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ⁽¹⁾,

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na Fraince,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ⁽²⁾, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíocháin ochtar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Agnès RAMPAL éirí as oifig, agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú ar dá bhun a moladh Danièle BOEGLIN, Frank CECCONI, Vanessa CHARBONNEAU, Guillaume CROS, Mélanie FORTIER, Pascal MANGIN agus Patrice VERCHÈRE a cheapadh.
- (4) Tá suíocháin naonúr comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Patrick AYACHE agus Nicole PEYCELON éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú ar dá bhun a moladh Christian GILLET, Mathieu KLEIN, Gérard LAHELLEC, Miguel LAVENTURE, Nicole MULLER BECKER, Nicole PIERRARD agus Claude WALLENDORFF a cheapadh.
- (5) Mhol Rialtas na Fraince na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Magali ALTOUNIAN, *Conseillère régionale de la région Provence-Alpes-Côte-d'Azur*, Anne BESNIER, *Vice-présidente de la région Centre-Val-de-Loire*, Mathieu CUIP, *Conseiller régional de la région Ile-de-France*, Laurent DEJOIE, *Vice-président de la région Pays-de-la-Loire*, Patrick MOLINOZ, *Vice-président de la région Bourgogne-Franche-Comté*, Nadia PELLEFIGUE, *Vice-présidente de la région Occitanie*, agus Huguette ZELLER, *Conseillère régionale de la région Grand-Est*.
- (6) Mhol Rialtas na Fraince Anne ROBERTSON-RUDISUHLI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Conseillère départementale des Bouches-du-Rhône*, mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (7) Mhol Rialtas na Fraince na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Wilfrid BERTILE, *Conseiller régional de la région Réunion*, Christian DEBEVE, *Conseiller régional de la région Grand-Est*, Sébastien DENAJA, *Conseiller régional de la région Occitanie*, agus Patricia TELLE, *Vice-présidente de la collectivité territoriale de Martinique*.

⁽¹⁾ IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

- (8) Mhol Rialtas na Fraince na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Frédéric BIERRY, *Président de la collectivité européenne d'Alsace*, Martine MOUSSERION, *Maire d'Anché (Vienne)*, Christophe RAMOND, *Président du conseil départemental du Tarn*, Gilbert SCHUH, *Vice-président du conseil départemental de la Moselle*, agus Isabelle de WAZIERS, *Vice-présidente du conseil départemental de la Somme*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

- Magali ALTOUNIAN, *Conseillère régionale de la région Provence-Alpes-Côte-d'Azur*,
- Anne BESNIER, *Vice-présidente de la région Centre-Val-de-Loire*,
- Mathieu CUIP, *Conseiller régional de la région Ile-de-France*,
- Laurent DEJOIE, *Vice-président de la région Pays-de-la-Loire*,
- Patrick MOLINOZ, *Vice-président de la région Bourgogne-Franche-Comté*,
- Nadia PELLEFIGUE, *Vice-présidente de la région Occitanie*,
- Anne ROBERTSON-RUDISUHLI, *Conseillère départementale des Bouches-du-Rhône*,
- Huguette ZELLER, *Conseillère régionale de la région Grand-Est*,

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

- Wilfrid BERTILE, *Conseiller régional de la région Réunion*,
- Frédéric BIERRY, *Président de la collectivité européenne d'Alsace*,
- Christian DEBEVE, *Conseiller régional de la région Grand-Est*,
- Sébastien DENAJA, *Conseiller régional de la région Occitanie*,
- Martine MOUSSERION, *Maire d'Anché (Vienne)*,
- Christophe RAMOND, *Président du conseil départemental du Tarn*,
- Gilbert SCHUH, *Vice-président du conseil départemental de la Moselle*,
- Patricia TELLE, *Vice-présidente de la collectivité territoriale de Martinique*,
- Isabelle de WAZIERS, *Vice-présidente du conseil départemental de la Somme*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 461 an 27 Nollaig 2021)

Ar leathanach 20, Airteagal 10(1) an chéad abairt:

in ionad: “1. I gcás ina bhfaighidh údarás inniúil, údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe i dtríú tír fógra ón gCoimisiún, tar éis don Choimisiún fógra a fháil ó Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 a mhéid a bhaineann le neamhchomhlíontacht amhrasta nó neamhchomhlíontacht a shuítear a bheith ann lena ndéantar difear do shláine na dtáirgí orgánacha nó na dtáirgí atá á dtiontú i gcoinsíneacht, déanfaidh sé imscrúdú.”,

léitear: “1. I gcás ina bhfaighidh údarás inniúil, údarás rialaithe nó comhlacht rialaithe i dtríú tír fógra ón gCoimisiún, tar éis don Choimisiún fógra a fháil ó Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 a mhéid a bhaineann le neamhchomhlíontacht amhrasta nó neamhchomhlíontacht a shuítear a bheith ann lena ndéantar difear do shláine na dtáirgí orgánacha nó na dtáirgí atá á dtiontú i gcoinsíneacht, déanfaidh sé imscrúdú.”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)